Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Lúnasa 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0221(NLE)**

11711/22
ADD 1

| | |
|---|---|
| COASI 115 | AGRI 349 |
| ASIE 53 | TRANS 519 |
| CFSP/PESC 1055 | ENV 786 |
| RELEX 1075 | ENER 387 |
| COHOM 84 | ECOFIN 792 |
| CONOP 68 | EDUC 281 |
| COTER 199 | CULT 79 |
| WTO 135 | CLIMA 388 |
| JAI 1078 | MIGR 227 |
| DEVGEN 157 | ASEM 18 |

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 1 Lúnasa 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 353 final Iarscríbhinn |
| Ábhar: | Iarscríbhinn a ghabhann leis an Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 353 final Iarscríbhinn.

---

Faoi iamh: COM(2022) 353 final Iarscríbhinn

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 1.8.2022
COM(2022) 353 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

**a ghabhann leis an**

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta agus Comhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Rialtas na Malaeisia, den pháirt eile**

**IARSCRÍBHINN**

CREAT-CHOMHAONTÚ
MAIDIR LE COMHPHÁIRTÍOCHT AGUS COMHAR
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT,
AGUS RIALTAS NA MALAEISIA,
DEN PHÁIRT EILE

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' nó 'AE' anseo feasta,

agus

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

Ballstáit an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'na Ballstáit' anseo feasta,

de pháirt,

agus

RIALTAS NA MALAEISIA, dá ngairtear 'an Mhalaeisia' anseo feasta,

den pháirt eile,

dá ngairtear 'an Páirtí' go haonarach agus 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

I bhFIANAISE na nasc seanbhunaithe cairdis idir na Páirtithe agus na ndlúthnasc stairiúil, polaitiúil agus eacnamaíoch a thugann le chéile iad;

AG CUR tábhacht ar leith le cineál cuimsitheach a gcaidrimh fhrithpháirtigh;

DE BHRÍ gur cuid é an Comhaontú seo de chaidreamh comhtháite níos leithne eatarthu trí chomhaontuithe ar páirtithe iontu iad;

AG AITHINT DÓIBH luach na caoinfhulaingthe, an ghlactha agus na hurraime frithpháirtí i gcomhphobal idirnáisiúnta éagsúil ilghnéitheach, agus ag admháil dóibh an tábhacht a bhaineann le modhnóireacht;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH tiomantas na bPáirtithe d'urraim a thabhairt do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine ('DUCD') agus in ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine is infheidhme maidir leis na Páirtithe;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantais do phrionsabail an smachta reachta agus an dea-rialachais, agus a méine dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta a chur chun cinn dá bpobail, agus prionsabal na forbartha inbhuanaithe agus na gceanglas maidir le cosaint an chomhshaoil á gcur san áireamh;

ÓS MIAN LEO feabhas a chur ar an gcomhar maidir leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta, an ceartas agus an tslándáil mar réamhchoinníoll bunúsach chun forbairt shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe a chur chun cinn, chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus chun Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe ('Clár Oibre 2030') a chur chun cinn, ar clár oibre é a glacadh le Rún 70/1 (2015) ó na Náisiúin Aontaithe ('NA') 'I mbun athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe' ag Cruinniú Mullaigh na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe an 25 Meán Fómhair 2015;

AG FÉACHAINT ar an sceimhlitheoireacht mar bhagairt ar an tslándáil dhomhanda agus ós mian leo a n-idirphlé agus a gcomhar a threisiú sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta, i gcomhréir le hionstraimí ábhartha Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe ('CSNA'), go háirithe Rún 1373 (2001) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

AG CUR IN IÚL a ngealltanais maidir le gach cineál sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac agus maidir le hionstraimí idirnáisiúnta éifeachtacha a bhunú chun a áirithiú go ndíothófar í;

AG AITHINT DÓIBH nach mór d'aon bheart a dhéantar chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac a bheith i gcomhréir le hoibleagáidí na bPáirtithe faoin dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH nár cheart na coireanna is tromchúisí atá ina n-ábhar imní don chomhphobal idirnáisiúnta a bheith gan phionós agus ag breithniú na mbinsí coiriúla idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, mar fhorbairtí tábhachtacha don tsíocháin agus don cheartas idirnáisiúnta;

AG TEACHT LEIS an tuairim go bhfuil leathadh armán ollscriosta ('AOS') agus modhanna a seachadta ina mórbhagairt don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta, agus gur mian leo a n-idirphlé agus a gcomhar a neartú sa réimse sin;

AG AITHINT DÓIBH gur bagairt í gluaiseacht neamhrialaithe na ngnáth-arm ar an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus ag aithint dóibh gur gá oibriú i gcomhar chun a áirithiú go n-aistreofar gnáth-airm ar bhealach freagrach agus chun déileáil le trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma, lena n-áirítear a n-armlón;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá Comhaontú Comhair an 7 Márta 1980 idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Indinéis, an Mhalaeisia, na hOileáin Fhilipíneacha, Singeapór agus an Téalainn – Ballstáit Chomhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas ('ASEAN'), agus na prótacail aontachais ina dhiaidh sin;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá sé an caidreamh atá ann cheana idir na Páirtithe a neartú d'fhonn feabhas a chur ar an gcomhar eatarthu, agus ar a gcomhthoil chun a gcaidreamh i réimsí leasa choitinn a chomhdhlúthú, a dhoimhniú agus a éagsúlú;

AG CUR IN IÚL a ngealltanais maidir le gach gné den fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, lena n-áirítear cosaint an chomhshaoil agus comhar éifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide;

AG CUR IN IÚL a ngealltanais maidir le caighdeáin saothair agus shóisialta a aithnítear go hidirnáisiúnta a chur chun cinn;

Á CHUR I dTREIS a thábhachtaí atá sé an comhar maidir leis an imirce a neartú;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH, i gcás ina gcinnfidh na Páirtithe, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, comhaontuithe sonracha a dhéanamh sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fhéadfaidh an tAontas a thabhairt i gcrích de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), nach mbeadh forálacha na gcomhaontuithe sin a bheidh ann amach anseo ina gceangal ar Éirinn mura gcuirfidh an tAontas in iúl don Mhalaeisia, i gcomhthráth le hÉirinn a mhéid a bhaineann lena caidreamh déthaobhach roimhe sin, go bhfuil Éire tar éis teacht faoi cheangal ag na comhaontuithe sin mar chuid den Aontas i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus le CFAE. Ar an gcaoi chéanna, aon bheart inmheánach ina dhiaidh sin de chuid an Aontais a fhéadfar a ghlacadh de bhun Theideal V thuasluaite chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, ní bheadh sé ina cheangal ar Éirinn, ach amháin má tá sé curtha in iúl aici gur mian léi a bheith rannpháirteach sna bearta sin nó glacadh leo i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21. Ag tabhairt dá n-aire freisin go dtiocfadh comhaontuithe den sórt sin amach anseo nó bearta inmheánacha de chuid an Aontais ina dhiaidh sin faoi Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal leis na Conarthaí sin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

TEIDEAL I

CINEÁL AGUS RAON FEIDHME

AIRTEAGAL 1

An bonn comhair

1. I ndáil le hurraim do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine, mar a leagtar síos in DUCD agus in ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile maidir le cearta an duine is infheidhme maidir leis na Páirtithe, agus urraim do phrionsabal an smachta reachta, tá an urraim sin mar bhonn taca ag beartais inmheánacha agus idirnáisiúnta na bPáirtithe, agus is gné fhíor-riachtanach den Chomhaontú seo í.

2. Deimhníonn na Páirtithe a luachanna comhroinnte mar a chuirtear in iúl i gCairt na Náisiún Aontaithe iad.

3. Deimhníonn na Páirtithe a ngealltanas maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, maidir leis an gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide agus an domhandaithe, agus maidir le rannchuidiú leis na spriocanna forbartha a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, go háirithe chun comhpháirtíocht dhomhanda don fhorbairt a neartú mar a athnuaitear í i gClár Oibre 2030.

4. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a dtiomantas do phrionsabail an dea-rialachais i ngach gné de.

5. Beidh cur chun feidhme an Chomhaontaithe seo bunaithe ar phrionsabail an idirphlé, na hurraime frithpháirtí, na comhpháirtíochta comhionainne, na comhthola agus na hurraime don dlí idirnáisiúnta.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfar an comhar faoin gComhaontú seo a chur chun feidhme trí bhíthin a ndlíthe, a rialacha, a rialachán agus a mbeartas féin.

## AIRTEAGAL 2

### Aidhmeanna an chomhair

Is é is aidhm don Chomhaontú seo comhpháirtíocht neartaithe a bhunú idir na Páirtithe agus an comhar a dhoimhniú agus a fheabhsú maidir le saincheisteanna leasa choitinn, lena léirítear luachanna comhroinnte agus comhphrionsabail.

## TEIDEAL II

## AN COMHAR DÉTHAOBHACH, RÉIGIÚNACH AGUS IDIRNÁISIÚNTA

## AIRTEAGAL 3

### An comhar i bhfóraim agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta

1. Gabhann na Páirtithe orthu féin tuairimí a mhalartú agus oibriú i gcomhar i bhfóraim agus eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe agus Gníomhaireachtaí ábhartha de chuid na Náisiún Aontaithe, idirphlé réigiúnach AE-ASEAN, Fóram Réigiúnach ASEAN, cruinniú Áise-Eoraip (‘ASEM’), Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Trádáil agus Forbairt agus an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (‘EDT’).

2. Comhaontaíonn na Páirtithe freisin an comhar a chur chun cinn idir meithleacha machnaimh, an lucht acadúil, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus na meáin sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo. Féadfar a áireamh sa chomhar sin, go háirithe, oiliúint, ceardlanna agus seimineáir ghaolmhara a sholáthar, chomh maith le malartuithe saineolaithe, staidéir agus gníomhaíochtaí eile a chomhaontóidh na Páirtithe.

## AIRTEAGAL 4

### An comhar réigiúnach agus déthaobhach

I gcás gach réimse idirphlé agus comhair faoin gComhaontú seo, agus ábhair á gcur i dtábhacht san am céanna a bhaineann leis an gcomhar idir an tAontas agus an Mhalaeisia, féadfaidh na Páirtithe freisin, trí chomhaontú frithpháirteach, oibriú le chéile trí ghníomhaíochtaí ar an leibhéal réigiúnach nó trí mheascán den dá chreat, agus próisis chinnteoireachta réigiúnacha na grúpála réigiúnaí lena mbaineann á gcur san áireamh. I ndáil leis sin, agus an creat iomchuí á roghnú acu, féachfaidh na Páirtithe leis an tionchar ar na páirtithe leasmhara a uasmhéadú agus rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara uile a threisiú, agus an úsáid is éifeachtúla á baint as na hacmhainní atá ar fáil agus comhleanúnachas le gníomhaíochtaí eile á áirithiú san am céanna.

TEIDEAL III

AN COMHAR MAIDIR LEIS AN tSÍOCHÁIN, AN tSLÁNDÁIL AGUS AN CHOBHSAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA

AIRTEAGAL 5

An sceimhlitheoireacht a chomhrac

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, don smacht reachta agus don dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta is infheidhme, agus Straitéis Dhomhanda na Náisiún Aontaithe um an bhFrithsceimhlitheoireacht á cur san áireamh, atá i Rún 60/288 (2006) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, arna athbhreithniú i Rún 62/272 (2008) agus Rún 64/297 (2010) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Laistigh den chreat sin, comhaontaíonn siad oibriú i gcomhar chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, go háirithe:

(a) faoi chuimsiú chur chun feidhme Rún 1267 (1999), Rún 1373 (2001) agus Rún 1822 (2008) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, mar aon le rúin ábhartha eile de chuid NA, agus faoi chuimsiú dhaingniú agus chur chun feidhme coinbhinsiún agus ionstraimí ábhartha idirnáisiúnta;

(b) trí fhaisnéis faoi ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus a líonraí tacaíochta a mhalartú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí náisiúnta;

(c) trí thuairimí a mhalartú maidir le bealaí agus modhanna a úsáidtear chun an sceimhlitheoireacht agus an gríosú chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear sa réimse teicniúil agus sa réimse oiliúna, agus trí thaithí a mhalartú maidir leis an sceimhlitheoireacht a chosc;

(d) trí oibriú i gcomhar chun an comhdhearcadh idirnáisiúnta a dhoimhniú maidir leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus mhaoiniú na sceimhlitheoireachta agus an méid sin a dhéanamh sa chreat normatach iomchuí, agus trí oibriú i dtreo comhaontú maidir leis an gCoinbhinsiún Cuimsitheach um Sceimhlitheoireacht Idirnáisiúnta a luaithe is féidir, chun na hionstraimí NA atá ann cheana agus ionstraimí frithsceimhlitheoireachta idirnáisiúnta eile is infheidhme a chomhlánú;

(e) tríd an gcomhar idir Ballstáit na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn chun Straitéis Dhomhanda na Náisiún Aontaithe um an bhFrithsceimhlitheoireacht a chur chun feidhme go héifeachtach ar gach bealach iomchuí;

(f) tríd an gcomhar eatarthu a chur chun feidhme agus a fheabhsú maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht laistigh d'idirphlé AE-ASEAN agus laistigh de chreataí ASEM;

(g) trí dhea-chleachtais a mhalartú sa réimse maidir leis an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac.

AIRTEAGAL 6

Coireanna tromchúiseacha ar údar imní iad don phobal idirnáisiúnta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe nár cheart na coireanna is tromchúisí atá ina n-ábhar imní don phobal idirnáisiúnta ina iomláine a bheith gan phionós agus nach mór bearta a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na coireanna sin, de réir mar is iomchuí, ar an leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta i gcomhréir le dlíthe na bPáirtithe féin agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme. Féadfar a áireamh ar na bearta sin modhanna taidhleoireachta, daonnúla agus síochánta eile chomh maith le binsí agus cúirteanna coiriúla idirnáisiúnta.

2. Measann na Páirtithe go bhfuil na binsí coiriúla idirnáisiúnta, lena n-áirítear an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta, ina bhforbairt thábhachtach don tsíocháin agus don cheartas idirnáisiúnta.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhar leis na cúirteanna agus leis na binsí sin i gcomhréir le dlíthe na bPáirtithe féin agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta is infheidhme.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar d'fhonn uilíocht Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 7

Armáin ollscriosta

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe an cuspóir chun na córais idirnáisiúnta maidir le AOS a neartú. Measann na Páirtithe gurb é leathadh AOS, agus modhanna a seachadta, ar ghníomhaithe stáit agus neamhstáit araon, ceann de na bagairtí is tromchúisí ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar agus rannchuidiú leis an gcobhsaíocht agus leis an tslándáil idirnáisiúnta trí na hoibleagáidí atá orthu cheana féin faoi chonarthaí agus comhaontuithe idirnáisiúnta dí- armála agus neamhleata agus oibleagáidí idirnáisiúnta ábhartha eile faoi chuimsiú Chairt na Náisiún Aontaithe a chomhlíonadh ina n- iomláine agus a chur chun feidhme ar bhonn náisiúnta. Is gné fhíor-riachtanach den Chomhaontú seo é an fhoráil seo.

2. Thairis sin, comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar agus rannchuidiú leis na córais idirnáisiúnta neamhleata agus dí-armála a neartú trí na nithe seo a leanas:

(a) bearta a dhéanamh, de réir mar is iomchuí, chun gach ionstraim idirnáisiúnta ábhartha eile maidir le AOS a shíniú, a dhaingniú nó aontú dóibh, agus iad a chur chun feidhme ina n-iomláine, agus chun cloí uilechoiteann leo a chur chun cinn;

(b) rialuithe éifeachtacha náisiúnta onnmhairiúcháin a chur chun feidhme agus a fhorbairt a thuilleadh, lena rialófaí onnmhairiú agus trasghluaiseacht earraí a bhaineann le AOS, lena n- áirítear rialú ar úsáid deiridh AOS maidir le teicneolaíochtaí dé- úsáide, agus ina mbeidh smachtbhannaí éifeachtacha i leith sáruithe ar rialuithe onnmhairiúcháin;

(c) glacadh uilechoiteann na gconarthaí iltaobhacha is infheidhme agus cur chun feidhme iomlán na gconarthaí sin a chur chun cinn.

3. Aithníonn na Páirtithe nár cheart go gcuirfeadh cur chun feidhme na rialuithe onnmhairiúcháin bac ar an gcomhar idirnáisiúnta in ábhair, i dtrealamh ná i dteicneolaíocht chun críoch síochánta, agus níor cheart spriocanna maidir le húsáid shíochánta a úsáid chun leathadh a cheilt.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe idirphlé polaitiúil tráthrialta a dhéanamh a ghabhfaidh in éineacht leis na gealltanais sin agus a dhéanfaidh iad a chomhdhlúthú. Féadfar an t-idirphlé sin a dhéanamh ar bhonn réigiúnach.

AIRTEAGAL 8

Gnáth-armáin

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá córais rialuithe intíre chun gnáth-armáin a aistriú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rialuithe den chineál sin a chur i bhfeidhm ar bhealach freagrach, mar rannchuidiú leis an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus chun fulaingt an chine dhaonna a laghdú, agus chun seachrán gnáth-armán a chosc.

2. Aithníonn na Páirtithe an bhagairt thromchúiseach don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta a bhaineann fós le monarú, aistriú agus scaipeadh aindleathach mionarm agus armán éadrom, lena n-áirítear a n-armlón, agus an iomarca díobh a charnadh, droch-bhainistiú a dhéanamh orthu, stoc-chairn díobh a dhaingniú go míchuí agus iad a leathadh gan rialú.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe na hoibleagáidí atá orthu a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán chun déileáil leis an trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma, lena n-áirítear a n-armlón, faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana agus faoi rúin ó Chomhairle Slándála NA, chomh maith le gealltanais faoi chuimsiú ionstraimí idirnáisiúnta eile is infheidhme sa réimse sin, amhail Clár Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe chun gach gné den trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma a chosc, a chomhrac agus a dhíothú.

4. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar ar an leibhéal déthaobhach, réigiúnach agus idirnáisiúnta maidir lena n-iarrachtaí chun a áirithiú go ndéanfar gnáth-armáin a aistriú ar bhealach freagrach agus chun déileáil leis an trádáil aindleathach i mionairm agus in armáin éadroma, lena n-áirítear a n-armlón. Comhaontaíonn na Páirtithe comhordú a áirithiú ina n-iarrachtaí maidir le rialú na trádála idirnáisiúnta i ngnáth-armáin a rialáil nó a fheabhsú agus chun trádáil aindleathach in airm a chosc, a chomhrac agus a dhíothú. Comhaontaíonn na Páirtithe freisin saincheisteanna a bhaineann le gnáth-armáin a chur san áireamh faoi chuimsiú an idirphlé rialta pholaitiúil atá acu faoi láthair.

AIRTEAGAL 9

Modhnóireacht

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar d'fhonn modhnóireacht a chur chun cinn san idirphlé agus aghaidh á tabhairt ar shaincheisteanna ar ábhar leasa fhrithpháirtigh iad.

2. Comhaontóidh na Páirtithe, i gcás inarb infheidhme, luach na modhnóireachta a chur chun cinn i bhfóraim réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar maidir le modhnóireacht a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí ábhartha a éascú agus trí thacú leo, chomh maith le dea-chleachtais, faisnéis agus taithí a mhalartú.

TEIDEAL IV

AN COMHAR MAIDIR LE TRÁDÁIL AGUS INFHEISTÍOCHT

AIRTEAGAL 10

Prionsabail ghinearálta

1. Rachaidh na Páirtithe i mbun idirphlé maidir le cúrsaí trádála agus infheistíochta d'fhonn an córas iltaobhach trádála agus an trádáil dhéthaobhach eatarthu a neartú agus a chur ar aghaidh.

2. Chuige sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimse na trádála agus na hinfheistíochta, *inter alia*, trí iarracht a dhéanamh comhaontú saorthrádála a bhaint amach idir na Páirtithe. Comhaontú sonrach de réir bhrí Airteagal 52(2) a bheidh sa chomhaontú sin.

3. D'fhéadfadh sé go mba mhian leis na Páirtithe a gcaidreamh trádála agus infheistíochta a fhorbairt trí bhíthin idirphlé, comhair agus tionscnaimh a chomhaontófar go frithpháirteach trí aghaidh a thabhairt, i measc nithe eile, ar réimsí dá dtagraítear in Airteagail 11 go 17.

AIRTEAGAL 11

Sláintíocht agus fíteashláintíocht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir le hábhair shláintíochta agus fíteashláintíochta ('SPS') chun beatha nó sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint ar chríoch na bPáirtithe.

2. Déanfaidh na Páirtithe plé agus malartú faisnéise ar na bearta sin mar a shainítear iad i gComhaontú EDT maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm, sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí, san Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe agus i gCoimisiún Codex Alimentarius.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe tabhairt faoi chomhar fothaithe acmhainneachta maidir le hábhair SPS. Bainfidh an fothú acmhainneachta sin go sonrach le riachtanais gach Páirtí agus déanfar é d'fhonn cabhrú leis an bPáirtí bearta SPS an Pháirtí eile a chomhlíonadh.

AIRTEAGAL 12

Bacainní teicniúla ar thrádáil

Cuirfidh na Páirtithe úsáid caighdeán idirnáisiúnta chun cinn agus oibreoidh siad i gcomhar agus malartóidh siad faisnéis maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta, go háirithe faoi chuimsiú Chomhaontú EDT maidir le Bacainní Teicniúla ar Thrádáil.

AIRTEAGAL 13

Custam

D'fhonn slándáil agus sábháilteacht na trádála idirnáisiúnta a mhéadú agus cur chuige cothrom a áirithiú idir éascú trádála agus an comhrac i gcoinne calaoise agus neamhrialtachtaí, comhroinnfidh na Páirtithe taithí sna nithe seo a leanas agus déanfaidh siad scrúdú ar na féidearthachtaí ina leith:

(a) nósanna imeachta maidir le hallmhairiú, onnmhairiú agus nósanna imeachta custaim eile a shimpliú;

(b) sásraí cúnaimh riaracháin fhrithpháirtigh a bhunú;

(c) trédhearcacht na rialachán custaim agus trádála a áirithiú;

(d) an comhar custaim a fhorbairt;

(e) féachaint le tuairimí a chóineasú agus gníomhaíocht chomhpháirteach a dhéanamh i gcomhthéacs tionscnamh idirnáisiúnta ábhartha, lena n-áirítear éascú trádála.

AIRTEAGAL 14

Infheistíocht

Spreagfaidh na Páirtithe sreabh méadaithe infheistíochta trí thimpeallacht tharraingteach chobhsaí a fhorbairt le haghaidh infheistíocht chómhalartach trí bhíthin idirphlé comhsheasmhach a bheidh dírithe ar fheabhas a chur ar an tuiscint agus ar an gcomhar maidir le saincheisteanna infheistíochta, sásraí a fhiosrú chun sreabha infheistíochta a éascú, agus rialacha cobhsaí, trédhearcacha, oscailte agus neamh-idirdhealaitheacha d'infheisteoirí a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 15

Beartas iomaíochta

1. Déanfaidh na Páirtithe cur i bhfeidhm éifeachtach rialacha iomaíochta a chur chun cinn, agus féadfaidh siad oibriú i gcomhar ina leith, agus coincheap na trédhearcachta agus na cothroime nós imeachta á gcur san áireamh chun deimhneacht a áirithiú d'fhiontair atá ag oibriú i margaí a chéile.

2. Rachaidh na Páirtithe i mbun gníomhaíochtaí comhair theicniúil i réimse an bheartais iomaíochta faoi réir cistiú a bheith ar fáil le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin faoi ionstraimí agus cláir na bPáirtithe maidir le comhar.

AIRTEAGAL 16

Seirbhísí

Cuirfidh na Páirtithe idirphlé comhsheasmhach ar bun a bheidh dírithe go háirithe ar fhaisnéis a mhalartú faoina dtimpeallachtaí rialála féin, rochtain ar mhargaí a chéile a chur chun cinn, lena n-áirítear trí ríomhthráchtáil, rochtain ar fhoinsí caipitil agus teicneolaíochta a chur chun cinn, agus trádáil i seirbhísí idir an dá réigiún agus i margaí tríú tíortha a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 17

Cearta maoine intleachtúla

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cearta maoine intleachtúla a chosaint, lena n-áirítear tásca geografacha, agus gabhann gach Páirtí air féin na bearta iomchuí a bhunú d'fhonn cosaint agus forfheidhmiú leormhaith, cothrom agus éifeachtach na gceart sin a áirithiú, go háirithe a mhéid a bhaineann le cearta maoine intleachtúla a shárú, i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta a bhfuil siad tiomanta dóibh. Ba cheart go gcuirfeadh cosaint agus forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla le cur chun cinn na nuálaíochta teicneolaíche agus le haistriú agus scaipeadh na teicneolaíochta, rud a bheidh chun leasa fhrithpháirtigh táirgeoirí agus úsáideoirí eolais teicneolaíochta agus ar bhealach a chabhródh le leas sóisialta agus eacnamaíoch, agus le cothromaíocht idir cearta agus oibleagáidí.

2. Féadfaidh na Páirtithe faisnéis a mhalartú agus taithí a chomhroinnt maidir le saincheisteanna amhail an méid seo a leanas:

(a) cleachtas, cur chun cinn, scaipeadh, cuíchóiriú, bainistiú, comhchuibhiú agus cosaint ceart maoine intleachtúla;

(b) cur i bhfeidhm, úsáid agus tráchtálú éifeachtach ceart maoine intleachtúla;

(c) forfheidhmiú ceart maoine intleachtúla, lena n-áirítear bearta teorann.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar sna réimsí maidir le maoin intleachtúil a chosaint ar mhaithe le leas frithpháirteach chun maoin intleachtúil a chosaint, a úsáid agus a thráchtálú bunaithe ar thaithí na bPáirtithe, agus feabhsóidh siad scaipeadh an eolais ina leith.

TEIDEAL V

AN COMHAR MAIDIR LEIS AN gCEARTAS AGUS AN tSLÁNDÁIL

AIRTEAGAL 18

An smacht reachta agus an comhar dlíthiúil

1. Leagfaidh na Páirtithe tábhacht ar leith ar neartú an smachta reachta.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir leis na hinstitiúidí ábhartha uile a threisiú, lena n-áirítear na breithiúna.

3. Cuimseofar leis an gcomhar dlíthiúil idir na Páirtithe, *inter alia,* malartú faisnéise maidir le córais dlí agus maidir le reachtaíocht.

AIRTEAGAL 19

Cosaint sonraí pearsanta

Comhaontaíonn na Páirtithe tuairimí a mhalartú agus eolas a chomhroinnt d'fhonn ardleibhéal cosanta sonraí pearsanta a chur chun cinn bunaithe ar na caighdeáin idirnáisiúnta is infheidhme, lena n-áirítear caighdeáin an Aontais, caighdeáin Chomhairle na hEorpa agus ionstraimí dlí idirnáisiúnta eile.

AIRTEAGAL 20

Imirce

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an comhar chun sreabha imirce idir a gcríocha a bhainistiú. D'fhonn an comhar a neartú, féadfaidh na Páirtithe, de réir mar is iomchuí agus nuair is iomchuí, idirphlé a chur ar bun lena dtabharfar aghaidh ar aon saincheist leasa choitinn a bhaineann leis an imirce, agus an measúnú sonrach ar riachtanais dá dtagraítear i mír 2 á chur san áireamh. Féadfaidh gach Páirtí, de réir mar a mheasann sé is iomchuí, ábhair imní a bhaineann leis an imirce a chuimsiú ina straitéisí maidir le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta óna thaobh mar thír thionscnaimh, tír idirthurais agus/nó ceann scríbe na n-imirceach. Féadfaidh a áireamh sa chomhar maidir leis an imirce, *inter alia*, cúnamh fothaithe acmhainneachta agus cúnamh teicniúil, mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

2. Beidh an comhar idir na Páirtithe bunaithe ar riachtanais agus déanfar é trí chomhairliúchán frithpháirteach idir na Páirtithe agus díreofar ar an méid seo a leanas:

(a) bunchúiseanna na himirce;

(b) malartú tuairimí maidir le cleachtais agus noirm atá ábhartha maidir le cosaint idirnáisiúnta a chur ar fáil do dhaoine atá i ngátar;

(c) beartas éifeachtach coiscteach a bhunú i gcoinne na himirce neamhrialta, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, lena n-áirítear bealaí chun líonraí na smuigléirí agus na ngáinneálaithe a chomhrac agus chun íospartaigh na gáinneála a chosaint;

(d) daoine a chónaíonn gan údarú a chur ar ais, faoi dhálaí daonnachtúla díniteacha, lena n-áirítear filleadh deonach na ndaoine sin a chur chun cinn, agus daoine mar sin a athligean isteach i gcomhréir le mír 3;

(e) saincheisteanna a shainaithnítear mar shaincheisteanna leasa choitinn i réimse na víosaí agus shlándáil na ndoiciméad taistil;

(f) saincheisteanna a shainaithnítear mar shaincheisteanna leasa choitinn i réimse an bhainistithe teorainneacha.

3. Faoi chuimsiú an chomhair chun inimirce neamhdhleathach a chosc agus a rialú agus gan dochar don ghá le híospartaigh na gáinneála ar dhaoine a chosaint, comhaontaíonn na Páirtithe an méid seo a leanas freisin:

(a) déanfaidh an Mhalaeisia, faoi réir an ghá náisiúntacht a dheimhniú, aon duine dá náisiúnaigh atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch Ballstáit den Aontas a athligean isteach, arna iarraidh sin don Bhallstát sin agus gan foirmiúlachtaí breise seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 4;

(b) déanfaidh gach Ballstát den Aontas, faoi réir an ghá náisiúntacht a dheimhniú, aon duine dá náisiúnaigh atá i láthair go neamhdhleathach ar chríoch na Malaeisia a athligean isteach, arna iarraidh sin don Mhalaeisia agus gan foirmiúlachtaí breise seachas iad siúd dá dtagraítear i mír 4.

4. Chun críoch mhír 3, cuirfidh Ballstáit an Aontais agus an Mhalaeisia doiciméad taistil iomchuí ar fáil dá náisiúnaigh gan mhoill chun na gcríoch sin. I gcás nach mbeidh doiciméid nó cruthúnas eile ar a náisiúntacht ag an duine a bheidh le hathligean isteach, déanfaidh ionadaíochtaí inniúla taidhleoireachta agus consalacha na Malaeisia nó an Bhallstáit lena mbaineann socruithe chun agallamh a chur ar an duine chun a náisiúntacht a shuíomh. Tá an tAirteagal seo gan dochar do dhlíthe, do rialacha agus do rialacháin ar leith na bPáirtithe a bhaineann le náisiúntacht a chinneadh.

5. Má mheasann ceachtar den dá Pháirtí gur gá sin, déanfaidh na Páirtithe comhaontú a chaibidliú idir an tAontas agus an Mhalaeisia lena rialófar na hoibleagáidí sonracha maidir le hathligean isteach, lena n-áirítear oibleagáid maidir le daoine nach náisiúnaigh dá gcuid iad ach a bhfuil údarú cónaithe bailí acu a d’eisigh ceann de na Páirtithe nó a tháinig isteach i gcríoch Páirtí amháin díreach ó chríoch an Pháirtí eile.

AIRTEAGAL 21

Cosaint chonsalach

Aontaíonn an Mhalaeisia go gcuirfidh údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit den Aontas a bhfuil ionadaíocht á déanamh air cosaint ar fáil d’aon náisiúnach de chuid Ballstáit nach bhfuil buanionadaíocht aige sa Mhalaeisia atá in ann cosaint chonsalach a chur ar fáil go héifeachtach i gcás ar leith, faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

AIRTEAGAL 22

Drugaí aindleathacha

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun cur chuige cothrom a áirithiú trí chomhordú éifeachtach idir na húdaráis inniúla, lena n-áirítear, de réir mar is iomchuí, ó earnáil na sláinte, earnáil an cheartais, ón earnáil inmheánach agus ó earnáil an chustaim, d'fhonn soláthar, gáinneáil agus éileamh drugaí aindleathacha a laghdú chomh maith leis na hiarmhairtí díobhálacha a bhaineann le mí-úsáid drugaí do dhaoine aonair agus don tsochaí ina hiomláine a laghdú, agus chun atreorú réamhtheachtaithe drugaí a chosc ar bhealach níos éifeachtaí.

2. Tiocfaidh na Páirtithe ar chomhaontú maidir le modhanna comhair chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Beidh na gníomhaíochtaí bunaithe ar phrionsabail chomhaontaithe na bPáirtithe agus aird á tabhairt ar na coinbhinsiúin idirnáisiúnta is infheidhme, an Dearbhú Polaitiúil agus an Dearbhú maidir leis na Prionsabail Threoracha i dtaca leis an Éileamh Drugaí a Laghdú, arna nglacadh ag an 20ú seisiún speisialta de Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Meitheamh 1998 agus an Dearbhú Polaitiúil agus Plean Gníomhaíochta maidir le Comhar Idirnáisiúnta chun dul i dtreo Straitéis Comhtháite agus Cothromaithe chun Fadhb Dhomhanda na nDrugaí a Chomhrac arna nglacadh ag an 52ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí Támhshuanacha i mí an Mhárta 2009.

3. Malartóidh na Páirtithe saineolas i réimsí amhail reachtaíocht agus beartais a dhréachtú maidir le hinstitiúidí intíre agus lárionaid faisnéise a bhunú, oiliúint a chur ar phearsanra, taighde a bhaineann le drugaí, agus cosc a chur ar atreorú réamhtheachtaithe a úsáidtear chun drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha a mhonarú go haindleathach.

AIRTEAGAL 23

Coireacht eagraithe agus éilliú

Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar chun an choireacht eagraithe, an choireacht eacnamaíoch agus airgeadais mar aon leis an éilliú a chomhrac. Is é is aidhm don chomhar sin na hionstraimí idirnáisiúnta is infheidhme ina bhfuil siad ina bpáirtithe a chur chun feidhme, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta agus na Prótacail Fhorlíontacha a ghabhann leis, agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe.

AIRTEAGAL 24

Sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta

1. Comhaontaíonn na Páirtithe, maidir le húsáid a gcóras airgeadais, lena n-áirítear institiúidí airgeadais agus gnólachtaí agus gairmeacha neamhairgeadais ainmnithe chun sceimhlitheoireacht a mhaoiniú agus fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla tromchúiseacha a sciúradh, gur gá oibriú i dtreo na húsáide sin a chosc agus a chomhrac, mar aon le hoibriú i gcomhar ina leith.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe go gceadófar leis an gcomhar faoi mhír 1 faisnéis ábhartha a mhalartú faoi chuimsiú a ndlíthe, a rialacha agus a rialachán féin agus faoi chuimsiú na gcaighdeán idirnáisiúnta is infheidhme chun sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chosc agus a chomhrac, amhail na caighdeáin sin arna nglacadh ag an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais.

3. Déanfar an comhar a leathnú freisin i bhfoirm fothaithe acmhainneachta arb é is aidhm dó sciúradh airgid agus maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac, lena n-áirítear malartú dea-chleachtas, saineolais agus oiliúna, mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

TEIDEAL VI

AN COMHAR IN EARNÁLACHA EILE

AIRTEAGAL 25

Cearta an duine

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar i réimsí a chomhaontófar go frithpháirteach maidir le cearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint.

2. Féadfar a áireamh sa chomhar sin, *inter alia*:

(a) malartú dea-chleachtas maidir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta a dhaingniú agus a chur chun feidhme, pleananna gníomhaíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta, ról agus feidhmiú institiúidí náisiúnta ábhartha na bPáirtithe maidir le cearta an duine;

(b) oideachas faoi chearta an duine;

(c) idirphlé fóinteach leathan maidir le cearta an duine a chur ar bun;

(d) comhar laistigh de chomhlachtaí ábhartha NA um chearta an duine.

AIRTEAGAL 26

Seirbhísí airgeadais

1. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar a neartú d'fhonn comhrialacha agus comhchaighdeáin níos dlúithe a bhaint amach maidir le córais chuntasaíochta, iniúchta, mhaoirseachta agus rialála le haghaidh banc, cuideachtaí árachais agus codanna eile den earnáil airgeadais, lena n-áirítear seirbhísí airgeadais Ioslamacha, agus feabhas a chur ar na córais sin.

2. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le bearta fothaithe acmhainneachta chun na gcríoch sin.

AIRTEAGAL 27

Idirphlé maidir leis an mbeartas eacnamaíoch

Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar chun malartú faisnéise a chur chun cinn maidir lena dtreochtaí eacnamaíocha féin agus taithí a bhaineann le beartais eacnamaíocha a chomhroinnt i gcomhthéacs an chomhair eacnamaíoch réigiúnaigh agus na lánpháirtíochta eacnamaíche réigiúnaí.

AIRTEAGAL 28

Dea-rialachas i réimse an chánachais

1. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar i réimse an chánachais a neartú. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá prionsabail an dea-rialachais i réimse an chánachais, eadhon trédhearcacht, malartú faisnéise agus cleachtais dhíobhálacha chánach a sheachaint, agus tugann siad gealltanas go gcuirfear na prionsabail sin chun feidhme i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta, chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha a chur chun cinn agus a fhorbairt.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe freisin oibriú i gcomhar chun feabhas a chur ar an bhfothú acmhainneachta maidir leis an dea-rialachas i réimse an chánachais, agus é mar aidhm acu inniúlacht agus saineolas a fhorbairt de réir mar a chomhaontófar go frithpháirteach.

AIRTEAGAL 29

Beartas tionsclaíoch agus fiontair bheaga agus mheánmhéide

Comhaontaíonn na Páirtithe, agus a mbeartais eacnamaíocha agus a gcuspóirí eacnamaíocha féin á gcur san áireamh acu, an comhar maidir leis an mbeartas tionsclaíoch a chur chun cinn i ngach réimse a mheastar a bheith oiriúnach, d'fhonn iomaíochas fiontar beag agus meánmhéide ('FBM') a fheabhsú, *inter alia*, tríd an méid seo a leanas:

(a) faisnéis agus taithí a mhalartú maidir le coinníollacha creata a chruthú le haghaidh FBManna d'fhonn a n-iomaíochas a fheabhsú;

(b) teagmhálacha idir oibreoirí eacnamaíocha a chur chun cinn, infheistíochtaí comhpháirteacha a spreagadh agus comhfhiontair agus líonraí faisnéise a bhunú, eadhon trí chláir chothrománacha an Aontais atá ann cheana, rud a spreagfaidh aistrithe teicneolaíochta boige agus crua idir comhpháirtithe go háirithe;

(c) faisnéis a sholáthar agus an nuálaíocht a spreagadh agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le rochtain ar mhaoiniú, lena n-áirítear do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga;

(d) na gníomhaíochtaí ábhartha arna mbunú ag earnálacha príobháideacha na bPáirtithe a éascú agus tacú leo;

(e) freagracht agus cuntasacht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn mar aon le tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe, lena n-áirítear trí dhea-chleachtais a mhalartú maidir le gnó freagrach;

(f) tionscadail chomhpháirteacha taighde agus nuálaíochta i réimsí tionsclaíocha áirithe mar a chomhaontaítear go frithpháirteach.

AIRTEAGAL 30

Turasóireacht

1. Beidh sé mar aidhm ag na Páirtithe feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus dea-chleachtais a bhunú chun forbairt chothrom agus inbhuanaithe na turasóireachta a áirithiú.

2. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar a fhorbairt maidir le hacmhainneacht na hoidhreachta nádúrtha agus cultúrtha a chosaint agus a chomhchuibhiú, iarmhairtí diúltacha na turasóireachta a mhaolú, agus rannchuidiú dearfach an ghnó turasóireachta le forbairt inbhuanaithe na bpobal áitiúil a fheabhsú, *inter alia* tríd an éiceathurasóireacht a fhorbairt, agus sláine agus leasanna na bpobal áitiúil agus na bpobal dúchasach á n-urramú san am céanna, agus feabhas a chur ar an oiliúint i dtionscal na turasóireachta.

AIRTEAGAL 31

An tsochaí faisnéise

1. Aithníonn na Páirtithe gur príomhghnéithe den saol nua-aimseartha iad teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ('TFC') agus go bhfuil siad ríthábhachtach don fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta, agus i ngeall air sin féachann siad le tuairimí a mhalartú maidir lena mbeartais ar leith sa réimse sin d'fhonn forbairt eacnamaíoch a chur chun cinn.

2. Féadfar an comhar sa réimse sin a dhíriú, *inter alia*, ar an méid seo a leanas:

(a) rannpháirtíocht san idirphlé maidir le gnéithe éagsúla den tsochaí faisnéise, go háirithe beartais agus rialacháin maidir leis an gcumarsáid leictreonach lena n-áirítear seirbhís uilíoch, údaruithe ceadúnúcháin agus ginearálta, cosaint sonraí pearsanta, agus neamhspleáchas agus éifeachtúlacht na n-údarás rialála;

(b) comhroinnt faisnéise maidir le hidirnascadh agus idir-inoibritheacht líonraí agus sheirbhísí na bPáirtithe;

(c) faisnéis a chomhroinnt maidir le caighdeánú, measúnú comhréireachta agus scaipeadh faisnéise faoi TFC;

(d) an comhar taighde idir na Páirtithe i réimse na dteicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide a chur chun cinn;

(e) an comhar maidir le teilifís dhigiteach, lena n-áirítear taithí a mhalartú maidir le cur in úsáid, gnéithe rialála agus comhroinnt dea-chleachtas i mbainistiú speictrim;

(f) gnéithe slándála TFC, mar aon leis an gcomhrac i gcoinne na cibearchoireachta.

AIRTEAGAL 32

Cibearshlándáil

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar maidir leis an gcibearshlándáil trí fhaisnéis a mhalartú faoi straitéisí, beartais agus dea-chleachtais i gcomhréir lena reachtaíocht agus leis na hoibleagáidí idirnáisiúnta maidir le cearta an duine.

2. Déanfaidh na Páirtithe malartú faisnéise maidir leis an gcibearshlándáil i réimsí an oideachais agus na hoiliúna, na dtionscnamh ardaithe feasachta, úsáid caighdeán, mar aon le taighde agus forbairt a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 33

Closamharc agus na meáin

Déanfaidh na Páirtithe machnamh ar bhealaí chun malartuithe, comhar agus idirphlé a spreagadh idir na hinstitiúidí ábhartha i réimsí an chlosamhairc agus na meán. Comhaontaíonn na Páirtithe idirphlé rialta a dhéanamh sna réimsí sin.

## TEIDEAL VII

## AN COMHAR I RÉIMSE NA hEOLAÍOCHTA, NA TEICNEOLAÍOCHTA AGUS NA NUÁLAÍOCHTA

AIRTEAGAL 34

Eolaíocht, teicneolaíocht agus nuálaíocht

1. Déanfaidh na Páirtithe an comhar i réimse na heolaíochta, na teicneolaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh, a fhorbairt agus a éascú i réimsí leasa choitinn agus i réimsí tairbhe fhrithpháirtigh i gcomhréir le dlíthe, rialacha, rialacháin agus beartais ar leith na bPáirtithe.

2. Féadfar a áireamh ar na réimsí comhair an bhiteicneolaíocht, TFC, an chibearshlándáil, teicneolaíochtaí tionsclaíocha agus ábhair, an nanaitheicneolaíocht, teicneolaíocht spáis, eolaíocht mhuirí agus fuinneamh in-athnuaite.

3. Féadfar a áireamh ar na cineálacha comhair an méid seo a leanas:

(a) faisnéis a mhalartú maidir le beartais agus cláir eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta;

(b) comhpháirtíochtaí straitéiseacha taighde a chur chun cinn idir pobail eolaíochta, lárionaid taighde, ollscoileanna agus earnálacha tionsclaíochta na bPáirtithe;

(c) oiliúint agus malartú taighdeoirí a chur chun cinn.

4. Ba cheart na gníomhaíochtaí comhair sin a bheith bunaithe ar phrionsabail na cómhalartachta, na córa cothroime agus na comhshochar, agus ba cheart cosaint leormhaith le haghaidh maoin intleachtúil a áirithiú leo.

5. A mhéid a bhaineann leis na gníomhaíochtaí comhair sin, déanfaidh na Páirtithe rannpháirtíocht a n-institiúidí ardoideachais, a lárionad taighde agus a n-earnálacha táirgiúla féin a chur chun cinn.

6. Comhaontaíonn na Páirtithe feasacht an phobail ar a gcláir féin agus ar an gcomhar maidir leis an eolaíocht, an teicneolaíocht agus an nuálaíocht, agus ar na féidearthachtaí a chuirtear ar fáil leis na cláir sin, a chur chun cinn.

## AIRTEAGAL 35

## Teicneolaíochtaí glasa

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar in earnáil na teicneolaíochta glaise d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) ionchorprú na dteicneolaíochtaí glasa a éascú in earnálacha amhail fuinneamh, foirgnimh, bainistiú uisce agus dramhaíola agus iompar;

(b) fothú acmhainneachta a chur chun cinn in earnáil na teicneolaíochta glaise a bhféadfadh comhar maidir le hionstraimí rialála agus ionstraimí margadhbhunaithe a bheith san áireamh inti, amhail maoiniú na teicneolaíochta glaise, soláthar glas agus éicilipéadú, mar a chomhaontaítear go frithpháirteach;

(c) oideachas poiblí agus feasacht phoiblí maidir le teicneolaíochtaí glasa a chur chun cinn agus úsáid fhorleathan na dteicneolaíochtaí sin a spreagadh;

(d) teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí comhshaoil a chur chun cinn agus a chur in úsáid.

2. Féadfaidh an comhar a bheith i bhfoirm idirphlé idir na hinstitiúidí agus na gníomhaireachtaí ábhartha nó i bhfoirm malartaithe faisnéise, clár malartaithe foirne, cuairteanna staidéir, seimineár agus ceardlann.

AIRTEAGAL 36

Fuinneamh

1. Féachfaidh na Páirtithe leis an gcomhar a fheabhsú in earnáil an fhuinnimh d'fhonn an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) éagsúlú a dhéanamh ar an soláthar fuinnimh, ar bhealaí agus ar fhoinsí fuinnimh chun an tslándáil fuinnimh a neartú, chun cineálacha fuinnimh nua, inbhuanaithe, nuálacha agus in-athnuaite a fhorbairt, lena n-áirítear bithbhreoslaí, bithmhais agus bithghás, fuinneamh gaoithe agus gréine chomh maith le giniúint hidreachumhachta, agus tacú le forbairt creataí beartais iomchuí agus bealaí iompair agus traiseolta san am céanna;

(b) éifeachtúlacht fuinnimh a chur chun cinn i dtáirgeadh, i ndáileadh agus in úsáid deiridh fuinnimh;

(c) aistriú teicneolaíochta atá dírithe ar tháirgeadh agus ar úsáid fuinnimh inbhuanaithe a chothú;

(d) feabhas a chur ar an gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir leis an athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó a mhéid a bhaineann le fuinneamh, faoi Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide ('UNFCCC');

(e) feabhas a chur ar an bhfothú acmhainneachta agus infheistíochtaí a éascú sa réimse.

2. Chuige sin, comhaontaíonn na Páirtithe teagmhálacha agus, i gcás inarb iomchuí, taighde comhpháirteach a chur chun cinn chun leas frithpháirteach na bPáirtithe, lena n-áirítear trí chreataí ábhartha réigiúnacha agus idirnáisiúnta. Maidir le hAirteagal 39 agus na conclúidí ón gCruinniú Mullaigh Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe ('WSSD') a tionóladh in Johannesburg in 2002, tugann na Páirtithe dá n-aire an gá aghaidh a thabhairt ar na naisc idir rochtain inacmhainne ar sheirbhísí fuinnimh agus an fhorbairt inbhuanaithe. Is féidir na gníomhaíochtaí sin a chur chun cinn i gcomhar le Tionscnamh Fuinnimh an Aontais Eorpaigh, a seoladh ag WSSD.

## AIRTEAGAL 37

## Iompar

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar ar bhealach gníomhach i réimsí leasa choitinn. Cumhdófar leis an gcomhar sin gach modh iompair agus a nascacht agus cuimseofar leis gluaiseacht earraí agus paisinéirí a éascú, sábháilteacht, slándáil agus cosaint an chomhshaoil a áirithiú, acmhainní daonna a fhorbairt agus deiseanna trádála agus infheistíochta a mhéadú.

2. In earnáil na heitlíochta, beidh sé d'aidhm ag an gcomhar idir na Páirtithe na nithe seo a leanas, *inter alia*, a chur chun cinn:

(a) caidreamh eacnamaíoch bunaithe ar chreat rialála comhleanúnach a fhorbairt agus é mar chuspóir dó éascaíocht a dhéanamh ar ghnó a dhéanamh;

(b) cóineasú teicniúil agus rialála a mhéid a bhaineann le sábháilteacht, slándáil, bainistiú aerthráchta, rialáil eacnamaíoch agus cosaint an chomhshaoil;

(c) astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú;

(d) tionscadail leasa choitinn;

(e) comhar i bhfóraim idirnáisiúnta.

3. In earnáil an mhuiriompair, beidh sé d'aidhm ag an gcomhar idir na Páirtithe na nithe seo a leanas, *inter alia*, a chur chun cinn:

(a) idirphlé ar shaincheisteanna ábhartha, amhail rochtain ar mhargaí idirnáisiúnta muiriompair agus trádáil ar bhonn tráchtála agus neamh-idirdhealaitheach, cóireáil náisiúnta agus clásal náisiúin barrfhabhair le haghaidh soithí faoi bhratach Ballstáit nó faoi bhratach na Malaeisia, nó soithí a bhíonn á n-oibriú ag náisiúnaigh nó cuideachtaí na dtíortha sin, mar aon le hábhair a bhaineann le seirbhísí iompair ó dhoras go doras, cé is moite de thrádáil chabatáiste;

(b) malartú tuairimí agus dea-chleachtas, i gcás inarb infheidhme, maidir le sábháilteacht, slándáil, lena n-áirítear bearta chun píoráideacht agus robáil armtha ar muir a chomhrac, agus nósanna imeachta, caighdeáin agus rialacháin maidir le cosaint an chomhshaoil, i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta ábhartha;

(c) comhar i bhfóraim idirnáisiúnta, go háirithe i réimsí a bhaineann le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, agus dálaí oibre, oideachas, oiliúint agus deimhniú maraithe.

4. Féadfaidh na Páirtithe na féidearthachtaí i dtaca le raon feidhme a iniúchadh chun an comhar a fheabhsú i réimsí leasa choitinn.

AIRTEAGAL 38

Oideachas agus cultúr

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oideachas agus comhar cultúrtha a chur chun cinn lena n-urramófar a n-éagsúlacht go cuí, chun tuiscint fhrithpháirteach agus eolas ar a gcuid cultúr féin a mhéadú. Chuige sin, tacóidh na Páirtithe le gníomhaíochtaí a n-institiúidí cultúir agus cuirfidh siad chun cinn iad.

2. Féachfaidh na Páirtithe leis na bearta iomchuí a dhéanamh chun malartuithe cultúrtha a chur chun cinn, lena n-áirítear malartuithe idir daoine, agus tionscnaimh chomhpháirteacha a dhéanamh i réimsí éagsúla an chultúir, lena n-áirítear comhar maidir le caomhnú na hoidhreachta i ndáil leis an éagsúlacht chultúrtha. Maidir leis sin, comhaontaíonn na Páirtithe freisin leanúint de thacú le gníomhaíochtaí Fhondúireacht na hÁise agus na hEorpa.

3. Comhaontaíonn na Páirtithe dul i gcomhairle agus oibriú i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (‘UNESCO’), chun cuspóirí coiteanna a shaothrú agus an éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn mar aon leis an oidhreacht chultúrtha a chosaint. Déanfaidh na Páirtithe prionsabail Dhearbhú Uilechoiteann UNESCO maidir leis an Éagsúlacht Chultúrtha a chur chun cinn agus cloífidh siad leo.

4. Thairis sin, déanfaidh na Páirtithe gníomhaíochtaí agus cur chun feidhme clár san ardoideachas agus i ndáil le soghluaisteacht agus oiliúint taighdeoirí a chur chun cinn, lena n-áirítear clár Erasmus+ an Aontais agus gníomhaíochtaí Marie Sklodowska-Curie. Tacóidh an méid sin, *inter alia*, leis an gcomhar idirinstitiúideach agus le naisc a fhorbairt idir institiúidí ardoideachais, spreagfaidh sé soghluaisteacht mac léinn, taighdeoirí, foirne acadúla agus saineolaithe, cuirfidh sé malartú faisnéise agus fios gnó chun cinn, cuideoidh sé le fothú acmhainneachta agus le forbairt cáilíochta sa teagasc agus san fhoghlaim. D’fhéadfaí comhar institiúideach a chumhdach leis na gníomhaíochtaí freisin trí chomhlachtaí amhail Institiúid na hÁise-na hEorpa.

AIRTEAGAL 39

An comhshaol agus acmhainní nádúrtha

1. Ag meabhrú dóibh toradh Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt a tionóladh in Rio de Janeiro in 1992, ar WSSD agus ar Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an bhForbairt Inbhuanaithe a tionóladh in Rio de Janeiro in 2012 (Rio + 20), chomh maith le Clár Oibre 2030, comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar chun caomhnú agus feabhsú an chomhshaoil a chur chun cinn d’fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Déanfar cur chun feidhme na gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil is infheidhme a chur san áireamh i ngach gníomhaíocht a dhéanann na Páirtithe faoin gComhaontú seo.

2. Aithníonn na Páirtithe gur gá acmhainní nádúrtha agus an éagsúlacht bhitheolaíoch a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe mar bhonn le forbairt na nglún atá ann faoi láthair agus na nglún a bheidh ann amach anseo, go háirithe i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir leis an mBithéagsúlacht agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol. Tugann siad gealltanas chun na cinntí arna nglacadh faoi na Coinbhinsiúin sin a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí straitéisí agus trí phleananna gníomhaíochta.

3. Féachfaidh na Páirtithe lena gcomhar maidir le cosaint an chomhshaoil a neartú, lena n-áirítear i gcláir réigiúnacha, malartú dea-chleachtas, idirphlé polaitiúil agus rialála, comhdhálacha agus ceardlanna, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an méid seo a leanas:

(a) feasacht ar an gcomhshaol agus rannpháirtíocht fheabhsaithe na bpobal áitiúil uile a chur chun cinn, i gcosaint an chomhshaoil agus in iarrachtaí maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe;

(b) aghaidh a thabhairt ar dhúshláin an athraithe aeráide, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tionchar ar éiceachórais agus ar acmhainní nádúrtha;

(c) fothú acmhainneachta a chur chun cinn a bhaineann le rannpháirtíocht i gcomhaontuithe iltaobhacha comhshaoil is infheidhme agus le cur chun feidhme na gcomhaontuithe sin, ar comhaontuithe iad atá ina gceangal orthu;

(d) feabhas a chur ar an gcomhar chun acmhainní foraoise a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe agus maidir leis an lománaíocht neamhdhleathach agus an trádáil ghaolmhar a chomhrac;

(e) an bhithéagsúlacht a chaomhnú agus a úsáid ar bhealach inbhuanaithe, lena n-áirítear speicis atá i mbaol, gnáthóg agus éagsúlacht ghéiniteach na speiceas sin, feabhas a chur ar an gcomhar maidir le speicis choimhthíocha ionracha is ábhar imní do na Páirtithe, agus éiceachórais dhíghrádaithe a athbhunú;

(f) gáinneáil neamhdhleathach ar fhiadhúlra a chomhrac agus bearta éifeachtacha ina coinne a chur chun feidhme;

(g) cosc a chur ar ghluaiseacht neamhdhleathach trasteorann dramhaíolacha guaiseacha agus dramhaíl eile agus substaintí ídithe ózóin;

(h) feabhas a chur ar chosaint agus caomhnú na timpeallachta cósta agus muirí agus úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí a chur chun cinn;

(i) feabhas a chur ar cháilíocht an aeir chomhthimpeallaigh, dramhaíl, acmhainní uisce agus ceimiceáin a bhainistiú ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, agus tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe a chur chun cinn;

(j) cosaint agus caomhnú ithreacha agus bainistiú inbhuanaithe talún a chur chun cinn;

(k) ainmniú limistéar faoi chosaint agus cosaint éiceachóras agus limistéar nádúrtha a chur chun cinn, mar aon le páirceanna náisiúnta a bhainistiú go héifeachtach, agus aird chuí á tabhairt ar phobail áitiúla agus pobail dhúchasacha a bhfuil cónaí orthu sna limistéir sin nó gar dóibh;

(l) comhar éifeachtach a chur chun cinn i gcomhthéacs Phrótacal Nagoya maidir le rochtain ar acmhainní géiniteacha agus na tairbhí a bhaineann leis na hacmhainní sin mar aon lena n-úsáid a roinnt go cóir agus go cothromasach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch;

(m) forbairt agus úsáid scéimeanna deonacha dearbhaithe inbhuanaitheachta a spreagadh amhail scéimeanna trádála córa agus eiticiúla, éicilipéid agus scéimeanna deimhniúcháin.

4. Spreagfaidh na Páirtithe rochtain fhrithpháirteach ar a gcláir sna réimsí sin, i gcomhréir le téarmaí sonracha na gclár sin.

5. Féachfaidh na Páirtithe leis an gcomhar a fheabhsú chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna maidir le maolú ar an athrú aeráide agus maidir le hoiriúnú don athrú aeráide faoi UNFCCC.

## AIRTEAGAL 40

### An talmhaíocht, beostoc, an t-iascach agus forbairt tuaithe

Comhaontaíonn na Páirtithe an t-idirphlé a spreagadh agus comhar sa talmhaíocht, i mbeostoc, in iascach, lena n-áirítear dobharshaothrú, agus san fhorbairt tuaithe a chur chun cinn. Malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) beartas talmhaíochta, dearcadh idirnáisiúnta talmhaíochta agus tásca geografacha go ginearálta;

(b) na féidearthachtaí chun trádáil plandaí, ainmhithe, ainmhithe uisceacha agus a dtáirgí a éascú;

(c) beartais a bhaineann le leas ainmhithe;

(d) beartas forbartha i gceantair tuaithe, lena n-áirítear cláir fothaithe acmhainneachta agus dea-chleachtais i ndáil le comharchumainn tuaithe agus i ndáil le táirgí ó cheantair tuaithe a chur chun cinn;

(e) beartas cáilíochta maidir le plandaí, ainmhithe agus táirgí uisceacha;

(f) talmhaíocht agus agraithionscal atá inbhuanaithe agus neamhdhíobhálach don chomhshaol a fhorbairt mar aon le haistriú biteicneolaíochtaí;

(g) cosaint cineálacha plandaí, teicneolaíocht síl, táirgiúlacht barr a fheabhsú, teicneolaíochtaí malartacha barr lena n-áirítear biteicneolaíocht talmhaíochta;

(h) bunachair sonraí a fhorbairt maidir leis an talmhaíocht agus beostoc;

(i) oiliúint i réimse na talmhaíochta, na tréidliachta agus an iascaigh, lena n-áirítear dobharshaothrú;

(j) tacú le beartas fadtéarmach muirí agus iascaigh atá inbhuanaithe agus freagrach, lena n-áirítear acmhainní muirí cósta agus mórmhuirí a chaomhnú agus a bhainistiú;

(k) iarrachtaí a chur chun cinn chun cleachtais iascaireachta neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte agus an trádáil ghaolmhar a chosc agus a chomhrac.

AIRTEAGAL 41

Sláinte

1. Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar san earnáil sláinte d'fhonn feabhas a chur ar na coinníollacha maidir le sláinte lena gcumhdaítear, *inter alia*, míochaine choisctheach, mórghalair theagmhálacha agus bagairtí sláinte eile amhail galair neamhtheagmhálacha, mar aon le comhaontuithe idirnáisiúnta maidir le sláinte.

2. Déanfar an comhar go príomha tríd an méid seo a leanas:

(a) faisnéis a mhalartú agus comhar maidir le bagairtí sláinte a chosc go luath amhail fliú na n-éan agus fliú paindéimeach agus mórghalair theagmhálacha eile a d'fhéadfadh a bheith ina bpaindéim;

(b) malartuithe, comhaltachtaí agus cláir oiliúna;

(c) cur chun feidhme iomlán tráthúil na gcomhaontuithe idirnáisiúnta maidir le sláinte amhail Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta na hEagraíochta Domhanda Sláinte ('EDS') agus Creat-Choinbhinsiún na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le Rialú Tobac a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 42

Fostaíocht agus gnóthaí sóisialta

1. Comhaontaíonn na Páirtithe an comhar a fheabhsú i réimse na fostaíochta agus na ngnóthaí sóisialta, lena n-áirítear an comhar maidir le comhtháthú réigiúnach agus sóisialta, sláinte agus sábháilteacht san ionad oibre, comhionannas inscne agus obair chuibhiúil, d'fhonn gné shóisialta an domhandaithe a neartú.

2. Athdhearbhaíonn na Páirtithe gur gá tacú le próiseas an domhandaithe a théann chun tairbhe do chách, agus fostaíocht iomlán tháirgiúil agus obair chuibhiúil a chur chun cinn mar phríomhghné den fhorbairt inbhuanaithe agus de laghdú na bochtaineachta, mar a formhuiníodh le Rún 60/1 (2005) ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe agus leis an Dearbhú Aireachta den mhír ardleibhéil de Chomhairle Eacnamaíoch agus Sóisialta na Náisiún Aontaithe an 5 Iúil 2006, agus Dearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair 2008 (EIS) maidir le Ceartas Sóisialta le haghaidh an Domhandaithe Chóir á chur san áireamh. Cuirfidh na Páirtithe saintréithe agus cineál éagsúil a staideanna eacnamaíocha agus sóisialta ar leith féin san áireamh.

3. Athdhearbhaíonn na Páirtithe an gealltanas chun prionsabail na gcroíchaighdeán saothair agus sóisialta a aithnítear go hidirnáisiúnta a urramú, a chur chun cinn agus a chur i gcrích, dá dtagraítear, go háirithe, i nDearbhú EIS 1998 maidir le Cearta Bunúsacha agus Prionsabail Bhunúsacha san Obair agus chun Coinbhinsiúin EIS is infheidhme atá ina gceangal orthu a chur chun feidhme. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar agus malartóidh siad faisnéis maidir le hábhair ábhartha fostaíochta agus saothair mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

4. Féadfar a áireamh ar na cineálacha comhair, *inter alia*, cláir agus tionscadail shonracha, mar a chomhaontaítear go frithpháirteach, chomh maith le hidirphlé, comhar agus tionscnaimh ar ábhair leasa choitinn ar an leibhéal déthaobhach nó iltaobhach, amhail ASEM, idirphlé AE-ASEAN agus EIS.

AIRTEAGAL 43

Staitisticí

I dteannta le gníomhaíochtaí atá ann faoi láthair maidir leis an gcomhar staidrimh idir an tAontas agus ASEAN, agus faoi réir a ndlíthe, a rialacha, a rialachán agus a mbeartas féin, comhaontaíonn na Páirtithe fothú acmhainneachta staidrimh agus comhchuibhiú modhanna agus cleachtas staidrimh a chur chun cinn, lena n-áirítear staitisticí a bhailiú agus a scaipeadh, ionas gur féidir leo, ar bhonn atá inghlactha go frithpháirteach, staitisticí a úsáid maidir le cuntais náisiúnta, infheistíocht dhíreach choigríche, trádáil in earraí agus i seirbhísí agus, ar bhonn níos ginearálta, i réimsí a chomhaontaítear go frithpháirteach a chumhdaítear leis an gComhaontú seo atá oiriúnach le húsáid i mbailiú, próiseáil, anailísiú agus scaipeadh sonraí staidrimh.

AIRTEAGAL 44

An tsochaí shibhialta

Aithníonn na Páirtithe ról agus rannchuidiú féideartha eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus institiúidí acadúla chun tacú leis an gcomhar faoin gComhaontú seo, agus comhaontaíonn siad idirphlé leo agus a rannpháirtíocht fhóinteach i réimsí ábhartha comhair a chur chun cinn, a mhéid is féidir, i gcomhréir lena ndlíthe, lena rialacha, lena rialacháin agus lena mbeartais féin.

## AIRTEAGAL 45

### Riarachán poiblí

Comhaontaíonn na Páirtithe oibriú i gcomhar d'fhonn feabhas a chur ar an bhfothú acmhainneachta i réimse an riaracháin phoiblí. Féadfar a áireamh ar an gcomhar sa réimse sin malartú tuairimí maidir le dea-chleachtais i ndáil le modhanna bainistithe, soláthar seirbhísí, acmhainneacht institiúideach a threisiú agus saincheisteanna trédhearcachta.

## AIRTEAGAL 46

### Bainistiú tubaistí

1. Aithníonn na Páirtithe an gá atá le tionchar tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéanamh an duine a íoslaghdú. Dearbhaíonn na Páirtithe a gcomhghealltanas maidir le bearta coisctheacha, maolaithe, ullmhachta, freagartha agus téarnaimh a chur chun cinn chun athléimneacht a sochaithe agus a mbonneagar a mhéadú, agus maidir le hoibriú i gcomhar, de réir mar is iomchuí, ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na gcuspóirí sin.

2. Féadfaidh an comhar a bheith i bhfoirm, *inter alia*, an mhéid seo a leanas:

(a) dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le bainistiú tubaistí;

(b) fothú acmhainneachta;

(c) eolas a chomhroinnt;

(d) feasacht an phobail agus oideachas ginearálta a chur chun cinn.

3. Féadfar a áireamh ar an gcomhar dá dtagraítear i mír 2 faisnéis maidir le fóirithint tubaistí agus cúnamh éigeandála a chomhroinnt, agus obair Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha an Aontais agus Lárionad Comhordúcháin ASEAN um Chúnamh Daonnúil le haghaidh Bainistiú Tubaistí á cur san áireamh.

## TEIDEAL VIII

## MODHANNA COMHAIR

### AIRTEAGAL 47

### Acmhainní le haghaidh an chomhair

Chun na cuspóirí comhair a leagtar amach sa Chomhaontú seo a chomhlíonadh, comhaontaíonn na Páirtithe na hacmhainní iomchuí a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí comhair sna réimsí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo, lena n-áirítear acmhainní airgeadais, a mhéid is féidir i bhfianaise na n-acmhainní agus na rialachán atá acu. Féadfar a áireamh sna gníomhaíochtaí comhair sin, de réir mar is iomchuí, tionscnaimh fothaithe acmhainneachta agus comhair theicniúil, malartú saineolaithe, staidéir a dhéanamh agus gníomhaíochtaí eile a chomhaontóidh na Páirtithe.

AIRTEAGAL 48

Cúnamh airgeadais agus leasanna airgeadais

1. Déanfaidh na Páirtithe aon chúnamh airgeadais de chuid an Aontais faoin gComhaontú seo a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun a leasanna airgeadais a chosaint.

2. Déanfaidh na Páirtithe bearta iomchuí chun calaois, éilliú agus aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear dá leasanna airgeadais a chosc agus a chomhrac, i gcomhréir lena ndlíthe, lena rialacha agus lena rialacháin ar leith féin. Áireofar ar na bearta sin malartú faisnéise agus cúnamh riaracháin frithpháirteach. Feadfaidh an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise agus údaráis inniúla na Malaeisia teacht ar chomhaontú maidir le tuilleadh comhair i réimse na frithchalaoise.

AIRTEAGAL 49

Cearta maoine intleachtúla a eascraíonn as socruithe comhair

Déanfar cearta maoine intleachtúla a eascraíonn as socruithe comhair faoin gComhaontú seo a chosaint agus a fhorfheidhmiú i gcomhréir le dlíthe, rialacha agus rialacháin ceachtar den dá Pháirtí agus i gcomhréir le haon chomhaontú idirnáisiúnta a bhfuil an dá Pháirtí ina bpáirtí ann. Tá an méid sin gan dochar d’aon fhoráil shonrach faoi shocruithe comhair aonair atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo.

TEIDEAL IX

CREAT INSTIÚIDEACH

AIRTEAGAL 50

An Comhchoiste

1. Comhaontaíonn na Páirtithe Comhchoiste a bhunú faoin gComhaontú seo, ar a mbeidh ionadaithe ó na Páirtithe ar ardleibhéal iomchuí agus a mbeidh an méid seo a leanas de chúram air:

(a) feidhmiú agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe seo a áirithiú;

(b) tosaíochtaí a leagan síos i ndáil le haidhmeanna an Chomhaontaithe seo;

(c) moltaí a dhéanamh chun aidhmeanna an Chomhaontaithe seo a chur chun cinn;

(d) aon difríocht nó éagsúlacht a thagann chun cinn i léiriú, i gcur chun feidhme nó i gcur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 53;

(e) scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis uile a thíolacfaidh ceachtar den dá Pháirtí maidir le neamhchomhlíonadh na n-oibleagáidí, agus dul i gcomhairle leis an bPáirtí eile chun réiteach cairdiúil a bhfuil glacadh ag an dá pháirtí leis a lorg i gcomhréir le hAirteagal 53;

(f) maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme aon chomhaontaithe shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

2. Ar an mórgóir tiocfaidh an Comhchoiste le chéile gach 2 bhliain ar a laghad, sa Mhalaeisia agus sa Bhruiséil ar bhonn idirmhalartach, ar dháta a chinnfear trí chomhaontú frithpháirteach. Féadfar cruinnithe urghnácha den Chomhchoiste a thionól freisin trí chomhaontú idir na Páirtithe. Beidh gach ceann de na Páirtithe ina chathaoirleach ar an gComhchoiste ar bhonn idirmhalartach. Cinnfear clár oibre chruinnithe an Chomhchoiste trí chomhaontú idir na Páirtithe.

3. Féadfaidh an Comhchoiste meithleacha speisialaithe a chur ar bun chun cuidiú leis a chuid cúraimí a dhéanamh. Cuirfidh na meithleacha sin tuarascálacha mionsonraithe maidir lena gcuid gníomhaíochtaí faoi bhráid an Chomhchoiste ag gach ceann dá chruinnithe.

4. Glacfaidh an Comhchoiste a rialacha nós imeachta féin.

## TEIDEAL X

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### AIRTEAGAL 51

### Nochtadh faisnéise

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní a cheanglaíonn ar cheachtar Páirtí aon fhaisnéis a chur ar fáil a mheasann sé go mbeadh nochtadh na faisnéise sin contrártha dá leasanna bunúsacha slándála.

2. Tabharfaidh na Páirtithe cosaint iomchuí don fhaisnéis a chomhroinntear faoin gComhaontú seo, i gcomhréir le leas an phobail maidir le rochtain ar fhaisnéis agus i gcomhréir lena ndlíthe, lena rialacha agus lena rialacháin féin.

AIRTEAGAL 52

Comhaontuithe eile

1. Ní dhéanfaidh an Comhaontú seo difear do chur i bhfeidhm ná do chur chun feidhme na ngealltanas arna ngabháil ar láimh ag na Páirtithe i ndáil le tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta.

2. Féadfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a chomhlánú trí chomhaontuithe sonracha a thabhairt i gcrích in aon réimse comhair a thagann faoi raon feidhme an Chomhaontaithe seo. Beidh na comhaontuithe sonracha sin ina gcuid ríthábhachtach den chaidreamh déthaobhach foriomlán de réir mar a rialaítear sa Chomhaontú seo é agus beidh siad ina gcuid den chreat institiúideach coiteann.

AIRTEAGAL 53

Oibleagáidí a chomhlíonadh

1. Déanfar aon difríocht nó éagsúlacht idir na Páirtithe maidir le léiriú, cur chun feidhme nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo a réiteach go cairdiúil, trí chomhairliúchán nó trí chaibidlíocht laistigh den Chomhchoiste, gan tagairt do thríú páirtí nó binse idirnáisiúnta.

2. Má mheasann ceachtar den dá Pháirtí nach bhfuil ceann de na hoibleagáidí comhlíonta ag an bPáirtí eile faoin gComhaontú seo, cuirfidh sé an méid sin in iúl don Pháirtí eile. Rachaidh na Páirtithe i mbun comhairliúcháin d'fhonn teacht ar réiteach ar an ábhar a bheadh inghlactha go frithpháirteach. Is faoi choimirce an Chomhchoiste a thionólfar na comhairliúcháin sin. I gcás nach féidir leis an gComhchoiste teacht ar réiteach atá inghlactha go frithpháirteach, féadfaidh an Páirtí a thugann fógra bearta iomchuí a dhéanamh. Chun críoch na míre seo, ciallaíonn 'bearta iomchuí' aon bheart a mholann an Comhchoiste nó fionraí an Chomhaontaithe seo, i bpáirt nó go hiomlán.

3. Má mheasann ceachtar den dá Pháirtí nach bhfuil ceann de na hoibleagáidí a ndéantar cur síos orthu mar eilimintí fíor-riachtanacha in Airteagal 1(1) agus in Airteagal 7(1) comhlíonta ag an bPáirtí eile, cuirfidh sé an méid sin agus na bearta iomchuí atá beartaithe aige a dhéanamh in iúl láithreach don Pháirtí eile. Tabharfaidh an Páirtí a thugann fógra le fios don Chomhchoiste go bhfuil gá le comhairliúcháin phráinneacha a thionól faoin gceist. I gcás nach mbeidh an Comhchoiste in ann teacht ar réiteach a bheidh inghlactha go frithpháirteach laistigh de 15 lá ó thús na gcomhairliúchán, agus tráth nach déanaí ná 30 lá ón dáta a dtabharfar an fógra, féadfaidh an Páirtí a thugann fógra na bearta iomchuí a dhéanamh. Chun críoch na míre seo, ciallaíonn 'bearta iomchuí' aon bheart a mholann an Comhchoiste nó fionraí, i bpáirt nó go hiomlán, an Chomhaontaithe seo nó aon chomhaontaithe shonraigh de réir bhrí Airteagal 52(2).

4. Beidh aon bheart iomchuí a dhéanfar i gcomhréir leis an mainneachtain oibleagáidí faoin gComhaontú seo a chur chun feidhme agus ní dhéanfaidh sé difear do leanúnachas oibleagáidí eile faoin gComhaontú seo nach ndéanann an cás difear dóibh. Agus an beart iomchuí á roghnú, ní mór tosaíocht a thabhairt do na bearta is lú a chuirfidh isteach ar fheidhmiú an Chomhaontaithe seo nó aon chomhaontaithe shonraigh de réir bhrí Airteagal 52(2).

AIRTEAGAL 54

Éascú

Chun an comhar a éascú faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, comhaontaíonn na Páirtithe saoráidí a thabhairt d'oifigigh agus do shaineolaithe a bhfuil baint acu leis an gcomhar a chur chun feidhme i gcomhlíonadh a bhfeidhmeanna, i gcomhréir le dlíthe, rialacha agus rialacháin na bPáirtithe.

AIRTEAGAL 55

Cur i bhfeidhm críochach

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo, ar thaobh amháin, maidir leis na críocha ina gcuirtear CAE agus CFAE i bhfeidhm faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin agus, ar an taobh eile, maidir le críoch na Malaeisia.

AIRTEAGAL 56

Sainmhíniú ar na Páirtithe

Chun críoch an Chomhaontaithe seo, ciallóidh an téarma 'na Páirtithe' an tAontas nó a Bhallstáit, nó an tAontas agus a Bhallstáit, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí féin, ar thaobh amháin, agus Rialtas na Malaeisia, ar an taobh eile.

## AIRTEAGAL 57

### Forbairt agus leasuithe a bheidh ann amach anseo

1. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí, i scríbhinn, aon togra a chur ar aghaidh chun raon feidhme an chomhair nó an leasaithe ar aon fhoráil den Chomhaontú seo a leathnú.

2. Cuirfear san áireamh in aon mholadh maidir le raon feidhme an chomhair a leathnú an taithí a fuarthas i gcur i bhfeidhm agus i gcur chun feidhme an Chomhaontaithe seo nó aon chomhaontaithe shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

3. Déanfar aon leathnú ar raon feidhme an chomhair nó ar raon feidhme na leasuithe ar an gComhaontú seo trí chomhaontú frithpháirteach i scríbhinn, trí chomhaontuithe forlíontacha nó prótacail nó trí ionstraimí iomchuí ar a gcomhaontóidh na Páirtithe.

4. Tiocfaidh na comhaontuithe forlíontacha, prótacail nó ionstraimí iomchuí sin i bhfeidhm ar dháta ar a gcomhaontóidh na Páirtithe agus beidh siad ina ndlúthchuid den Chomhaontú seo.

## AIRTEAGAL 58

### Teacht i bhfeidhm agus fad

1. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm an chéad lá den dara mí tar éis an dáta ar a dtabharfaidh an Páirtí deireanach fógra don Pháirtí eile gur cuireadh i gcrích na nósanna imeachta dlíthiúla is gá chun na críche sin.

2. Beidh an Comhaontú seo bailí ar feadh tréimhse 5 bliana. Cuirfear síneadh leis go huathoibríoch go ceann tréimhsí comhleanúnacha 1 bhliain eile, ach amháin i gcás ina gcuireann ceachtar den dá Pháirtí in iúl don Pháirtí eile i scríbhinn nach bhfuil sé ar intinn aige síneadh a chur leis an gComhaontú seo 6 mhí roimh dheireadh aon cheann de na tréimhsí 1 bhliain ina dhiaidh sin.

3. Féadfaidh ceachtar den dá Pháirtí an Comhaontú seo a fhoirceannadh trí fhógra i scríbhinn a thabhairt don Pháirtí eile. Tiocfaidh an foirceannadh i bhfeidhm 6 mhí tar éis don Pháirtí eile an fógra a fháil.

## AIRTEAGAL 59

### Fógraí

Fógraí a dhéanfar i gcomhréir le hAirteagal 58, déanfar iad chuig Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Aireacht Gnóthaí Eachtracha na Malaeisia, faoi seach.

AIRTEAGAL 60

Téacs barántúil

Dréachtófar an Comhaontú seo i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis agus san Ungáiris agus i dteangacha na Malaeisia, agus comhúdarás ag gach téacs díobh. I gcás aon éagsúlacht i léiriú an Chomhaontaithe seo, cuirfidh na Páirtithe an t-ábhar faoi bhráid an Chomhchoiste.

Arna dhéanamh sa ………………… [áit], an …………………………….. lá de......... [mí] sa bhliain Dhá Mhíle agus...

THAR CEANN RÍOCHT NA BEILGE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA BULGÁIRE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA SEICE,

THAR CEANN RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

THAR CEANN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA hEASTÓINE,

THAR CEANN NA hÉIREANN,

THAR CEANN NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ,

THAR CEANN RÍOCHT NA SPÁINNE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA FRAINCE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA CRÓITE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA hIODÁILE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA CIPIRE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA LAITVIA,

THAR CEANN PHOBLACHT NA LIOTUÁINE,

THAR CEANN ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

THAR CEANN NA hUNGÁIRE,

THAR CEANN PHOBLACHT MHÁLTA,

THAR CEANN RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA hOSTAIRE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA POLAINNE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE,

THAR CEANN NA RÓMÁINE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA SLÓIVÉINE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA SLÓVAICE,

THAR CEANN PHOBLACHT NA FIONLAINNE,

THAR CEANN RÍOCHT NA SUALAINNE,

THAR CEANN AN AONTAIS EORPAIGH,

THAR CEANN RIALTAS NA MALAEISIA